

dlr times

GEIMHREADH 2024

BREATHNAIGH ISTEACH
An t-Eolas is déanaí ar
Mhórhionscadail Chaipitil
Phlean Seirbhíse Geimhridh

Iontais an Gheimhridh

Bain sult as draíocht na Nollag i dlr

féach Isteach

Phlean Seirbhíse Geimhridh dlr 03

NUAIGHT dlr

Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach 04

An t-Eolas is déanaí ar Mhórtionscadail Chaipitil 05

NOLLAG

Ag ceiliúradh na Nollag ar fud Dún Laoghaire-Ráth an Dúin 06

EOLAS DO PHOBAL dlr

An Ghaeilge a Chur Chun Cinn 08

Canbhás do dlr Anseo 2025 08

Straitéis Crann agus Foraoiseachta Uirbeach 09

Luasteorainn 30km/u do dlr 09

Seoladh Beartas Súgartha dlr 09

PRÓIFÍL FOIRNE dlr

Elaine Ryan 09

IMEACHTAÍ EALAÍONA AGUS LEABHARLANN dlr

Mary Burke & Róisín White 10

Tigh an Chnoic: Céard atá ar siúl? 10

Éire Ildánach dlr 11

Cór Néaltraithe Musical Memories 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr 12

Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Fáilte chuig an t-eagrán is déanaí de dlr Times!

Agus muid ag ullmhú don gheimhreadh, tá ár bPlean Sheirbhíse an Gheimhridh faoi lán seoil. Cinnteoidh sé seo turais níos sábháilte thar 220km de bhóithre atá cóireáilte. Le flít de 10 leatóirí grin, tá ár bhfoireann ag obair gan sos gan scíth chun an Contae a choinneáil ag gluaiseacht le linn maidneacha sheaca agus tráthnóna oighreata. Tá lúcháir orainn freisin tú a chur ar an eolas maidir lenár Mórthionscadail Chaipitiúla a chuidíonn le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin atá níos ceangailte agus níos spleodrach.

Tá neart imeachtaí ar siúl againn thar na Nollag, le Wonderlights i bPáirc Mharlaí san áireamh, comh maith le scátáil oighir i nDún Laoghaire agus tá ár siúlóidí soilse na Nollag ar ais i bPáirc Chábán tSíle agus i bPáirc Mharlaí.

Le déanaí, sheolamar ár Straitéis um Chrann agus Foraoiseacht Uirbeach 2024-2030, ag cur béime ar ár dtiomantas d'fhoraoiseacht uirbeach agus do rannpháirtíocht pobail. Le chéile, déanaimis ár bhforaois uirbeach a chothú do na glúnta atá le teacht.

Ag féachaint romhainn, déan marcáil ar bhur chuid féilirí le haghaidh an Oíche Chinn Bhliana! Bigé linn ag Cuan Dhún Laoghaire i gcomhair thaispeántas iontach tinte ealaíne ag 8.00 i.n. tionlactha le ceol beo, stáiníní bia, agus Saincheantar an Fhéile bríomhar ag Baile Nua Mhic Gabhann.

Bigé ar an eolas tríd ár suíomh gréasáin agus bealaí sóisialta!

CLLR. JIM O'LEARY



Páirc-eanna dlr



PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE

UAIREANTA OSCAILTE: M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 8r.n. go 7i.n. | Samh. – Ean. 8r.n. go 5i.n. | Feabh. 8r.n. go 6i.n. | Márta 8r.n. go 7i.n. | Aib. 8r.n. go 8i.n. | Beal. – Lun. 8r.n. go 10.30i.n.

PÁIRC NA BHFIANNA

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ

UAIREANTA OSCAILTE: 9r.n. – 6i.n.

PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

PÁIRC CHNOC CHILL INÍÓN LÉINÍN

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

PÁIRC M HARLAÍ

UAIREANTA OSCAILTE: M. Fómh. 9r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 9r.n. go 6i.n. | Samh. – Ean. 9r.n. go 5i.n. Feabh. – Márta 9r.n. go 6i.n. | Aib. 9r.n. go 9i.n. | Beal. – Lún. 9r.n. go 10i.n.

PÁIRC AN PHOBAIL

UAIREANTA OSCAILTE: Noll. – Márta 8r.n. go 4.30i.n. Aib. – Beal. 8r.n. go 7.30i.n. | Meith. – M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. | D. Fómh. – Samh. 8r.n. go 7.30i.n.

PÁIRC SHEANGÁNAÍ

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

Eolas faoi athchúrsáil



PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN

Bóthar Bhaile Uí Ógáin

TEILEAFÓN: 01 291 3600

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Aoine 8.30r.n. go 5.30i.n., Sath. 9.30r.n. go 5.30i.n. | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30r.n. go 5.30i.n..

DÚNTA: Oíche Nollag – Lá Fhéile Stíofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN

Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.

Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n.. DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ

Carrchlós na Reilige, Seanchill

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.

Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n.. DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

CUIR DO THUAIRIM IN IÚL MAIDIR LE COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

Táimid tiomanta a chinntiú go gcloisfear do ghuth maidir leis na cinntí a dhéanann difear duitse agus do do chomharsanacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ligeann ár n-ardán comhairliúcháin agus rannpháirtíochta dlrcoco.ie/haveyoursay duit do thuairimí a chur in iúl dúinn cad iad na tosaíochtaí agus na hábhair imní atá agat don Chontae.



Leabharlanna dlr



dlr Lexlcon

Ardán Haigh, Dún Laoghaire

TEIL: 01 280 1147

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 9.30r.n. – 8i.n.

Aoine go Sath. 9.30r.n. – 5i.n. | Domh. 12i.n. – 4i.n.

AN CHARRAIG DHUBH

Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór

TEIL: 01 288 8117

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

CÁBÁN TSÍLE*

Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle

TEIL: 01 285 5363

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

DEILGINIS**

Sráid an Chaisleáin, Deilginis

TEIL: 01 285 5317

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

GRÁINSEACH AN DÉIN**

Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin

TEIL: 01 285 0860

UAIREANTA OSCAILTE: Luan 10r.n. – 5i.n. | Máirt go Déar. 10r.n. – 8i.n. | Aoine agus Sath. 10r.n. – 5i.n.

DÚN DROMA

Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma

TEIL: 01 298 5000

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt go Déar. 10r.n. – 8i.n.

SEANCHILL*

Bóthar na Leabharlainne, Seanchill

TEIL: 01 282 3081

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

STIGH LORGAN

Aonad J (An chéad urlár), Lárionad Siopadóireachta Stigh Lorgan

TEIL: 01 288 9655

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Máirt agus Céadaoin 10r.n. – 5i.n. | Déardaoin 10r.n. – 8i.n. | Aoine agus Satharn 10r.n. – 1i.n. agus 2i.n. – 5i.n.

* Bíonn na leabharlanna a bhfuil réiltín in aice leo ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn - déan teagmháil leo chun sonraí breise a fháil.

** Cuireann mo sheirbhís Leabharlainne Oscailte uaireanta breisithe ar fáil do bhaill na leabharlainne lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte, ó 8r.n. go 10i.n., 7 lá na seachtaine. Déan teagmháil le foireann na leabharlainne chun sonraí a fháil maidir le conas clárú.

- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan más deireadh seachtaine saoire bainc atá ann.

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9

TEILEAFÓN: 01 205 4700

RÍOMHPHOST: info@dlrcoco.ie

Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma

Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14

Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm

TEILEAFÓN: 01 205 4880

RÍOMHPHOST: info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie

Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr

@dlrcc

[dlrcoco.ie](https://www.instagram.com/dlrcoco.ie)

[DunLaoghaireRathdownCountyCouncil](https://www.facebook.com/DunLaoghaireRathdownCountyCouncil)

Más mian leat dlr times a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: commsoffice@dlrcoco.ie

Tá dlr times ar fáil as Gaeilge – dlrcoco.ie/dlrtimes

AN NOLLAIG AGUS AN T-ATHBHLIAIN

Tá ár n-oifig ag Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire agus Dún Droma dúnta ag 12.30 ar 24 Nollaig agus osclofar arís iad ar 2 Eanáir 2025. Téigh i dteagmháil le 01 677 44 44 más rud é go bhfuil tú i gcás éigeandála.



Margaí na Comhairle Contae

PÁIRC AN PHOBAIL & DLR

LEXICON, Dún Laoghaire Domhnach 11r.n.-4i.n.

PÁIRC M HARLAÍ

Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16

Satharn 10r.n.-4i.n. agus Domhnach 11r.n.-4i.n.



UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

Lasmuigh de Ghnáthuaireanta: 01 677 8844 (i ndiaidh 5i.n. agus an deireadh seachtaine)

Daoine gan Dídean: 1800 724 724 (seirbhísí iar-ama)

Uisce Éireann: 1850 278 278 (24 uair an chloig)





IONCHAIS GRIT

Coinneoidh salann, braiteoirí agus teicneolaíocht chliste dlr ag gluaiseacht an geimhreadh seo.

Sé an t-am sin den bhliain arís agus táimid ag ullmhú do shéasúr seirbhíse geimhrídh eile. Thosaigh an séasúr go foirmiúil i mí Dheireadh Fómhair i mbliana agus críochnóidh sé i mí Aibreáin 2025.



Scan an cód QR chun tuilleadh a fháil amach

Cothabháil an Gheimhrídh

Thar an tréimhse ama seo, cuirimid cóireáil ar thart ar 220km de bhóithre faoi Phlean Seirbhíse Geimhrídh na bliana seo, rud a chuimsíonn agus tuairim is 28% den ghréasán bóithre iomlán laistigh den Chontae. Déantar an leathadh salainn trí fhliú de 10 dtrucail a imscaradh le leatóir grin, agus gach leoraí ag tiomáint bealach sainiúil réamhshainithe. Tógann sé thart ar 2 uair an chloig le gach bealach a chríochnú agus ag brath ar na coinníollacha aimsire, d'fhéadfadh go mbeadh gá le rith leathadh grin amháin nó dhó, ceann ag 7 i.n. agus ceann eile ag 5 r.n. an mhaidin dár gcionn.

Braiteoirí Teochta

Tá teicneolaíocht nua á thabhairt isteach ag ár Rannóg Cothabhála Bóithre chun feabhas a chur ar chruinneas an chórais um shamhaltú réamh-mheastacháin ar theocht an bhóthair a úsáidtear faoi láthair chun cinntí a dhéanamh an mbeidh nó nach mbeidh gá le grean á leagan gach oíche le linn an tséasúir. I mí na Samhna i mbliana, cuirfear isteach trí braiteoir fisiceacha teochta bóithre breise laistigh de dhromchla an bhóthair ag trí phointe ar fud an Chontae lena n-áirítear Dún Laoghaire, Cnoc Chill Iníon Léinín, agus Bóthar an Bhaile Bhric. Tomhaisfidh siad teocht an bhóthair ag leibhéal dromchla an bhóthair, agus ag 6cm agus 30cm faoi leibhéal an dromchla. Tabharfar na sonraí ó na braiteoirí ar ais ó chian chuig an gcóras samhaltaithe réamh-mheasta agus comhcheanglaeofar iad leis na sonraí tuartha faoi leith maidir le cothabháil geimhrídh laethúil curtha ar fáil ag Met Éireann. Úsáideann an córas samhaltaithe thuarthach na sonraí chun réamhaisnéis a chruthú ar na teochtaí bóithre is ísle a bheidh ar fud an Chontae an oíche sin.

Feabhsóidh na sonraí breise atá á gcur ar fáil ag na braiteoirí seo cruinneas na cinnteoireachta agus ba cheart go bhfeabhsóidh siad éifeachtúlacht fhoriomlán na nOibríochtaí Cothabhála Geimhrídh trí líon na "cinntí imeallacha" a laghdú nuair a dhéanann an samhaltú réamh-mheasta teocht tuairim is 0-1 céim Celsius a mheas. Sa chás seo, déantar grean á leagan mar bheart réamhchúraim, go háirithe i gceantair ardtailte an Chontae.

Molaimid do thiománaithe tiomáint go cúramach le do thoil le linn shéasúir an gheimhrídh agus téigh chuig an suíomh gréasáin náisiúnta Winter Ready www.winterready.ie ina bhfuil eolas an-úsáideach chun míonna an gheimhrídh a phleanáil.

Más mian leat aon saincheisteanna seirbhíse geimhrídh a thuairisciú, déan teagmháil linn le do thoil ar an teileafón ag 01 2054700 nó seol ríomhphost chuig info@dlrco.ie. Chun teagmháil a dhéanamh linn lasmuigh de ghnáthuaireanta, cuir glaoc orainn le do thoil ag 01 677 8844.



Teachtaireacht ón
gCathaoirleach,
Jim O'Leary

Le séasúr an gheimhridh ag druidim romhainn, tá luchtáir orm roinnt buaicphointí ó cúpla míonna anuas agus pleananna don todhchaí a roinnt. Ba phribhléid é a bheith ag obair in éineacht leis an oiread sin daoine inár bpobal agus inár gcomhairle le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a dhéanamh mar áit bhríomhar, fáilteach do chách.

Tháinig áiseanna iontacha nua chugainn an tséasúir seo, lena n-áirítear Conair Scátála Alpach Dhún Laoghaire a bhfuiltear ag tnúth go mór leis, atá anois ina mhol spleodrach do chónaitheoirí agus cuairteoirí sean agus óg. Tá luchtáir orainn freisin go mbeidh Siúlóid Shoilse na Nollag ag teacht ar ais i bPáirc Mharlaí, imeacht a bhfuil an-ghrá ann dó, a thugann an pobal le chéile le linn shéasúir na Nollag.

“Cuidíonn siopadóireacht agus ag ithe amuigh go háitiúil le beogacht ár mbailte agus ár sráidbhailte a chothú agus cinntíonn sé todhchaí rathúil do chách.”

Fad agus a bhaineann tú taitneamh as na himeachtaí ceiliúrtha, molaim do gach duine tacú lenár ngnóthaí dochreidte áitiúla. Cuidíonn siopadóireacht agus ag ithe amuigh go háitiúil le beogacht ár mbailte agus ár sráidbhailte a chothú agus cinntíonn sé todhchaí rathúil do chách.

I Seomra na Comhairle, beimid ag glacadh le buiséad 2025 ag Cruinniú na Comhairle i mí na Nollag, ag tabhairt tosaíochta d'infheistíochtaí i bpáirceanna, páirceanna spóirt, agus leabharlanna ar fud an chontae. Tá Plean Corparáideach nua á thabhairt chun críche againn chomh maith, a bheidh mar threoir againn do na cúig bliana amach

romhainn, le fócas ar inbhuanaitheacht, cuimsitheacht, agus feabhas a chur ar caighdeán na beatha do gach cónaitheoir. Vótáil Comhairleoirí freisin chun an laghdú -15% sa Cháin Mhaoine Áitiúil a choinneáil, rud a laghdóidh an dliteanas ar úinéirí tí ar fud an Chontae.

I mbliana, tá dul chun cinn mór déanta againn i dtionscnaimh phobail, mar shampla cead pleanála a cheadú do shoilsiú nua i bPáirc Chill Bheagóige agus forbairt Lóiste an Gheata ag Páirc Chábán tSíle. Bhí sé de phribhléid agam freastal ar Chuimhneacháin RMS Laighean agus Ruairí Dáithí Mac Easmainn a thugann ómós do chuimhneacháin tábhachtacha inár stair.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an LRP (Lionraí Rannpháirtíochta Pobail) ar 10 mbliana rathúla agus le Bailte Slachtmhara Dheilgínse ar a mbua tuille i nDámhachtainí na gCeantar Slachtmhara. Léiríonn na héachtaí seo díograis iontach ár ngrúpaí áitiúla.

Míle buíochas le gach duine a chuidigh le rath Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Le chéile, táimid ag cruthú pobal fáiltiúil, inbhuanaithe agus nuálaíoch. Guímid séasúr na Nollag áthasach oraibh go léir agus ag tnúth le bliain nua geal amach romhainn.

CLLR. JIM O'LEARY



Teachtaireacht ón
bPríomhfheidhmeannach,
Frank Curran

In 2024 tugadh chun críche líon suntasach tionscadal i dtithíocht, páirceanna agus pobail agus tá pleanáil ar siúl cheana féin chun tús a chur le tionscadail nua an bhliain seo chugainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis na comhaltaí tofa as a gcúnamh ar fad i mbliana agus muid ag leanúint orainn ag cruthú contae forásach agus bríomhar dár saoránaigh go léir. Táimid ag obair i gcomhar leo chun an Plean Corparáideach agus an Dréachtbhuiséad do 2025 a thabhairt chun críche, agus glacfar leis an dá cheann ag Cruinniú na Comhairle i mí na Nollag.

Sna páirceanna, tá Club Dornálaíochta Bhaile an Choic agus an Stainnín ag Páirc na Carraige Duibhe le bheith críochnaithe i mí Eanáir. Críochnófar Pailliún Spóirt Hudson faoi mhí na Nollag agus tá saoráid Súgartha Chill an Chroisre oscailte

“Mar chuid dár spriocanna tithíochta thar cheithre bliana, tá 988 aonad seachadta againn go dtí seo agus réamh-mheastar 1,256 eile suas chuig 2026.”

anois. Is iad na spásanna súgartha a athchóireofar ná Páirc an Hídigh, Cnoc an Fhuaráin, Saighdiúirí agus Mairnéalaigh, Beallairmín, An Eachrais, Lapadán Mharlaí agus Páirc na bhFianna.

Mar chuid dár spriocanna tithíochta thar cheithre bliana, tá 988 aonad seachadta againn go dtí seo agus réamh-mheastar 1256 eile suas chuig 2026. Tá 707 teach ar an láthair i láthair na huairé agus breis is 550 ag céimeanna éagsúla pleanála agus

féidearthachta. Tá 250 deontais oiriúnaithe ceadaithe agus íochta faoi bhuiséad €2.5m na Scéime Deontas Oiriúnaithe Tithe. Cuirfear tuarascáil Phleanála Chuid 8 le haghaidh 62 árasán nua i mBaile Amhlaoibh i láthair ag cruinniú na Comhairle i mí na Nollag.

I réimse na Forbartha Eacnamaíochta - thug 71 long cúrsála cuairt ar Dhún Laoghaire i mbliana le 107k paisinéir agus 47k criú agus 81 curtha in áirithe cheana féin do 2025. Ina theannta sin, beidh mé ag bualadh leis an Roinn Cosanta go luath chun láithreach cabhlach féideartha ag Cuan Dhún Laoghaire a phlé. Bunaíodh Cumann Gnó Dhún Droma i mbliana, agus thacaíomar le roinnt imeachtaí lena n-áirítear an Fhéile Ghrinn agus Music in the Mountains.

Tá dearadh mionsonraithe scéim an M50/J14 agus doiciméid tairisceana á dtabhairt chun críche agus fógrófar iad faoi dheireadh na bliana agus tá doiciméid tairisceana á gcríochnú do Rotharbhealach Áth an Ghainimh. Beidh bealach taistil gníomhach dlí Lárnach ar an láthair an bhliain seo chugainn.

Tá an oiread sin imeachtaí le roghnú as an Nollaig seo, lena n-áirítear scátáil oighir, cosáin soilse Nollag inár bpáirceanna, Wonderlights i bPáirc Mharlaí, agus tinte ealaíne na hAthbhliana ag Cuan Dhún Laoghaire. Tá súil agam go mbeidh sibh féin agus bhur muintir amuigh ag baint sult as an Nollaig agus guímid beannachtaí na Nollaig oraibh go léir agus athbhliain suaimhneach is faoi mhaise daoibh go léir.

FRANK CURRAN



Bhóthar an Ghleanna Dhuibh



Bóthar Ghleann na nDraoithe (Céim 2)



Scéim Bóithre Dúiche Ghleann na Muc



Tionscadal Leasúcháin Lónadh Talún Bhré Shruthán na Coille



Lána rothaíochta Ghráinseach an Déin



Scéim Taistil Gníomhach DART na Carraige Duibhe chuig an Pháirc



Bóthar Ghleann na gCaorach Uachtar

An t-Eolas is déanaí ar Mhórtionscadail Chaipitil

Tá Oifig na dTionscadal Caipitiúil freagrach as scéimeanna bóithre/tionscadail mhóra eile dár gClár Caipitiúil a sheachadadh. Tá tionscadail eile ar Chlár Caipitiúil trí-bliana Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin á gcur chun cinn ag Taisteal Gníomhach; Cuan Dhún Laoghaire; Pobal; Seirbhísí & Páirceanna Cultúrtha; Seirbhísí Uisce; Tithíocht; Cothabháil Bóithre agus Trácht; agus Bonneagar Pleanála Chun Cinn.

Críochnaíodh an **Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Ghleanna Dhuibh** go mór i Meitheamh agus uasghrádú ar 2km de bhóithre a bhí ann cheana féin, cosáin nua agus rotharbhealaí san áireamh. Áiríodh leis sin uasghrádú acomhal Chrois na nUan agus acomhal Bhóthar na Gráinsí/Bóthar Ghráinseach an Araltaigh/Bóthar an Choláiste/Bóthar Bóthar Bhaile Uí Cheallaigh.

Ba iad príomhchuspóirí na scéime ná feabhsúcháin sábháilteachta, inrochtaineachta agus nascachta ar aon dul leis an bplean feabhsúcháin gréasán raonta rothar an Chontae. B'iad cuspóirí eile ná brú tráchta a laghdú ag an dá uasghrádú acomhail agus talamh cónaithe atá zónáilte a oscailt le haghaidh deiseanna forbraíochta.

Críochnaíodh cuid mhór den **Scéim N11 Bóthar Ghleann na nDraoithe (Céim 2)** agus osclaíodh do thrácht í ag deireadh mhí Mheithimh. Áiríodh leis na hoibreacha 360m de bhóthar nua a thógáil mar shíneadh ar Chéim a hAon de Bóthar Ghleann na nDraoithe agus ar dhroichead nua 3 réise a thrasnaíonn sruthán Chábán tSíle le réimse iomlán de 42m. Áiríodh leis na hoibreacha freisin pointí rochtana nua ón mbóthar nua chun freastal ar tailte forbartha amach anseo. Is é an príomhchuspóir ná rochtain feithiclí agus coisithe ar CRS Choill na Silíní.

Tionscadal Leasúcháin Lónadh Talún Bhré Shruthán na Coille B'é an dúshlán a bhí ann ná an lónadh talún a chosaint ó chreimeadh farraige agus ón éifeacht truaillithe a bheadh ann dá bharr. Seachas fuollábhar a bhaint agus a chóireáil sheachtrach, bhí sé níos éifeachtaí ó thaobh costais de a chuimsiú agus a chosaint ó chreimeadh farraige trí sraodlann carraige a thógáil. Tá struchtúr na carraige críochnaithe anois / tá an lónadh talún barrithreacha agus síolta, agus tá rochtain phoiblí ar ais arís i mbliana.

Cuireadh tús le tógáil na Scéimeanna seo a leanas in 2024:

- Cuireadh tús le Scéim Bóithre Dúiche Ghleann na Muc i mí Aibreáin 2024
- Uasghrádú ar Acomhal Bhóthar Áth na Sceire/ Bhóthar Ghleann na Muc (Acomhal Liathróid Órga) – tógfar é in 2025 mar chuid de chonradh Bóithre Dúiche Ghleann na Muc.

Tá réamh/miondhearadh á chur chun cinn ar na tionscadail seo a leanas:

- Bóthar Ceangail Acomhal 14 an M50
- Scéim Taistil Gníomhach DART na Carraige Duibhe chuig an Pháirc
- Scéim Feabhsúcháin Bóithre Mhullach an Choic
- N11 Bóthar Ghleann na nDraoithe P3-P (Céim 3)
- Uasghrádú Bóthair Choill na Silíní
- Céim 2 Bóthar Ceangail Bhaile na Lobhar
- Bóthar Ceangail Bhóthar na Raithní Móire go Bhóthar Dhroim Máirtín
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Ghráinseach an Araltaigh

Taisteal Gníomhach – Athbhreithniú 2024 (BONNEAGAR MAOINITHE AG ÚNI).

SCÉIMEANNA A CRÍOCHNAÍODH IN 2024:

- Bóthar Ghráinseach an Déin mar chuid den Taisteal Gníomhach Scoile
- Bóthar Ghleann na gCaorach Uachtar
- Bóthar Pháirc Stigh Lorgan (Le críochnú in 2024)
- Grá dár Lánaí An Naigín
- Gort na Mara Sábháilte agus Sráideanna Ciúine
- Feabhsuithe Bealach Isteach i bPáirc na bhFianna

I MEASC NA SCÉIMEANNA ATÁ Á DTÓGÁIL TÁ:

- Oibreacha Cónaisc Thardhroichead COBÁC
- Láir dlr

SCÉIMEANNA ATÁ BEARTAITHE LE HAGHAIDH TÓGÁLA IN 2025:

- Sráideanna Maireachtála: An Charraig Dhubh
- Sráideanna Maireachtála: Dún Laoghaire
- Rotharbhealaí Cheantar Gnó Áth an Ghainimh
- Feabhsuithe ar acomhal Bhóthar Bhaile na Lobhar
- Clár Bealaí Sábháilte chuig na Scoile
- Glasbhealach na Dothra

SCÉIMEANNA EILE ATÁ Á BHFORBAIRT:

- Nascóir dlr
- Glasbhealach Chábán tSíle

Le haghaidh tuilleadh eolais téigh chuig dlrcoco.ie/activetravel



Ag ceiliúradh na Nollag ar fud Dún Laoghaire-Ráth an Dúin

Tá raon leathan gníomhaíochtaí féilteúla don teaghlach ar fad ag Féile na Nollag Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i mbliana. I measc na n-imeachtaí úrnua a bheidh ar siúl thar thréimhse na Nollag tá Wonderlights i bPáirc Mharlaí, Conair Scátála Alpach nua ag Cuan Dhún Laoghaire agus imeacht trí-lá do ceoil agus bia i bPáirc an Phobail. Chomh maith leis sin beidh Conair Ornáid Ollmhór ar fud an Chontae, ag soláthar an chúlra foirfe i gcomhair do chuid pictiúir Nollag!

Beidh siúlóidí draíochta ar siúl i bPáirc Mharlaí agus i bPáirc Chábán tSíle a bheidh lán-inrochtana do chathaoirreacha rothaí agus do bhugaí agus atá ina dtearmann chiúin faoi na soilse lonraithe ar shiúl ó driopáis na Nollag. Nuair is féidir, is crainn bheo iad gach crann Nollag oifigiúil de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus tá a gcuid soilse LED a úsáideann an méid is lú leictreachais agus is féidir.

Tugann Féile na Nollag Dhún Laoghaire go leor tarraingtí spreagúla chuig croílár bhaile Dhún Laoghaire. Is féidir le cuairteoirí a bheith ag tnúth le haonach spraoi Nollag aoibhinn agus cumhach agus eispéireas Daidí na Nollag ag an Músaem Muirí. Beidh an t-ardán banna ceoil íocónach soilsithe don Nollaig, agus beidh an mainséar traidisiúnta curtha ar taispeántas ag Naomh Mícheál chun fórbhrí na Nollag a cheiliúradh.

Tá Boscaí Poist Daidí faoi réir ag Lexlcon dlr i nDún Laoghaire, i bPáirc Mharlaí i Ráth Fearnáin, i bPáirc na bhFianna i gCnoc Mhuirfean agus i bPáirc Chábán tSíle ag coimisiún speisialta Daidí na Nollag. Sé an seoladh poist ná Daidí na Nollag, an Pol Thuaidh, An tArtach, An Domhan, An Cruinne. Seoltar na litreacha chuig an bPol Thuaidh trí hAerlínte an tSíofra díreach chuig Daidí na Nollag a thugann freagra ar gach ceann díobh.



Scan an cód QR chun tuilleadh a fháil amach



Wonderlights, Páirc Mharlaí

Is i bPáirc Mharlaí a bheidh an seó soilse is mó in Éirinn i mbliana. Bí réidh le bheith dallta agus curtha faoi dhraíocht i Marlay tar éis an dorchadais!

Beidh dealbha móra órga d'ainmhithe sa suiteán solais, lena n-áirítear coiníní, sionnaigh, fianna, ioraí, agus fiú béir dhonn ón am atá thart. Beidh Spéir na hOíche teilgthe ar hidrea-scáileán 30-méadar os cionn an locha, ag tairiscint taispeántas iontach ar éirí na gealaí, ar na Gealáin Thuaidh agus ar fhiadhúlra oíche faoi sholas na réaltaí.

Beidh deis uathúil ag cuairteoirí freisin roth breathnadóireachta 35 méadar ar airde a mharcaíocht le haghaidh radhairc lánléargais ar an tírdhreach soilsithe thíos. www.wonderlights.ie



Cuairt speisialta le Daidí na Nollag ag an larsmalann Muirí Náisiúnta

Tabhair cuairt ar larsmalann Náisiúnta Muirí na hÉireann agus cuairt an-speisialta le Daidí na Nollag! Is féidir leat suas le grúpa ochtar (daoine fásta agus leanaí) a chur in áirithe. Grúpa príobháideach a bheidh anseo, agus ní bheidh aon duine eile in éineacht leat.

Ná bíodh drogall ort an oiread pictiúr agus is mian leat a ghlacadh, agus bíonn Síofra ar fáil i gcónaí chun pictiúr ghrúpa a thógáil duit. Beidh 10 nóiméad ag gach grúpa comhrá a dhéanamh leis an bhFear Mór agus gheobhaidh gach páiste bronntanas speisialta. Tá bosca poist anseo freisin, mar sin ná déan dearmad do mianliosta a thabhairt leat agus é a phostáil.

Nollag



Conair Scátála Alpach, Cuan Dhún Laoghaire

Tá an chéad conair scátála oighir i mBaile Átha Cliath, Conair Scátála Alpach, tar éis teacht go Cuan Dhún Laoghaire (suite taobh thiar de Stáisiún Dart Dhún Laoghaire). Tá fiú a rinc oighir chleachtaidh ar leith féin ag an conair scátála oighir nua seo agus conair nua 300 méadar ar fhad com maith. Agus go leor casadh chomh maith le stráicí an-chorraitheach, cuireann an conair eachtra scátála dodhearmadta ar fáil agus é suite in aghaidh chúlra uathúil de chrainn sprúis i stíl na hAlpa, soilse maisithe, agus sealláí clúdaithe le sneachta.

Beidh an Conair Scátála Alpach ar oscailt go dtí lár mhí Eanáir 2025. ar aghaidh go dtí an 12 Eanáir, 2025. Le haghaidh tuilleadh eolais tabhair cuairt ar www.iceskating.ie

Bí ag Siopadóireacht go háitiúil an Nollaig seo!

Tacaigh le do ghnólachtaí áitiúla an séasúr na Nollag seo trí siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil. Cuimhnigh, cuireann go leor miondóir agus seirbhís áitiúla siopadóireacht ar líne ar fáil freisin, ionas gur féidir leat clliceáil go háitiúil chun tacú le do shiopaí agus do ghnóthaí comharsanachta. Faigh tuilleadh eolais ag dlrcoco.ie/business/shop-local



Boscaí Daidí na Nollag

á Boscaí Poist Daidí faoi réir ag Lexlcon dlr i nDún Laoghaire, i bPáirc Mharlaí i Ráth Fearnáin, i bPáirc na bhFianna i gCnoc Mhuirfean agus i bPáirc Chábán tSíle ag coimisiún speisialta Daidí na Nollag. Déan cinnte do litreacha a sheoladh roimh an bpostas deiridh ar Dé Máirt, 17 Nollaig ag 5 i.n. chuig Daidí na Nollag, an Pol Thuaidh, An tArtach, An Domhan.



Aonach Siamsaíochta Traidisiúnta na Nollag do Theaghlaigh

Taisteal Chairr Sleamhnáin Dhaidí na Nollag, Roth Ferris, Orgán Fhéile Páirc Aonaigh agus turas Traenach Seanré ag Plás an Chuain (in aice le stáisiún DART) thar thréimhse na Nollag.



Conairí Shiúil ag Páirc Mharlaí & Páirc Chábán tSíle

Taitneoidh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin cónaitheoirí agus cuairteoirí le raon de sár-roghanna féilte ar fud an chontae. Tá conairí shiúil soilisithe na Nollag a bhfuil an-tóir orthu i bPáirc Mharlaí agus i bPáirc Chábán tSíle saor in aisce le freastal orthu agus oscailte ó 4 i.n. go 8 i.n. ó Luan go hAoine ó dheireadh mhí na Samhna (gan oibriú Dé Luain 25 Nollaig, Dé Máirt 27 Nollaig agus Dé Luain 1 Eanáir).

Tá siad lán-inrochtana do chathaoirí rothaí agus do bhugaí agus is tearmann chiúin iad faoi na soilse glioscarnach atá ar shiúl ó gleo agus torann na Nollag.



An Nollaig i bPáirc an Phobail, Dún Laoghaire

Beidh trí oíche de shiamsaíocht bheo ar siúl i bPáirc an Phobail, Dún Laoghaire ó chuid de na buanna ceoil is fearr in Éirinn. Osclaíonn an t-imeacht trí lá, darb ainm "Nollaig sa Pháirc" ar 5 Nollaig.

Díoltar ticéid le haghaidh gach oíche astu féin agus cuireann siad rochtain ar fáil freisin ar Stáitse an Buscálaí, ar an Zónáil Folláine agus ar Mhargadh Nollag na páirce. Beidh trucaillí bia sa pháirc chun freastal ar raon leathan bia agus deochannas.

Mar sin, ba chóir go mbeadh spioraid óige de gach aois réidh le gléasadh suas in éadaí teo, a gcairde a thabhairt le chéile agus a bheith ag rince faoi na soilse um Nollaig sa Pháirc.

www.christmasinthepark.ie



Tinte Ealaíne Oíche Chinn Bhliana

Agus 2025 ag druidim chugainn agus chun é a chomóradh, beidh taispeántas iontach tinte ealaíne ar siúl ag Cuan Dhún Laoghaire ag 8.00 i.n. Oíche Chinn Bhliana. Ó Chuas an Ghainimh go Baile Dhún Laoghaire, is féidir leis an lucht féachana taitneamh a bhaint as an taispeántas agus na spéartha os cionn Bhaile Átha Cliath a thagann chun beocht le seó tinte ealaíne sioncronaithe le ceol. Déanfar na tinte ealaíne a lasadh ón gCé Thoir.

Chun an áit amhairc is fearr a fháil chun taitneamh a bhaint as na tinte ealaíne, téigh go dtí an ceantar glas ag Baile Nua Mhic Gabhann áit a socrófar Crios Féile spreagúil agus bríomhar. Beidh stalláí bia agus deochanna ag díol a gcuid earraí i bPáirc an Phobail, agus beidh áit inrochtaineachta ar fáil. Is féidir le gach duine a bhfuil an t-ádh leo a bheith ann ar an oíche taitneamh a bhaint as ceol beo, seit DJ agus léirithe ag siamsóirí éagsúla eile.

An Ghaeilge a Chur Chun Cinn agus Infheictheacht a Fheabhsú

Ag deireadh na bliana seo, tá ról ríthábhachtach leanúnach ag Oifig na Gaeilge ag cloígh le Scéim na Gaeilge, ag cinntiú go bhfanann an Ghaeilge mar chuid infheicthe agus gníomhach d'obair na heagraíochta. Glacadh céimeanna tábhachtacha i mbliana chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus láithreachta na Gaeilge ar fud timpeallachtaí poiblí agus oibre.



An Chomhairle Chraiceáilte, clár forbartha Ceannaireachta agus Cruthaitheachta Gaeilge 365

Príomhghníomhaíochtaí in 2024

Príomhghócas d'Oifig na Gaeilge i mbliana is ea seirbhís aistriúcháin a sholáthar lena chinntiú go bhfuil gach cumarsáid oifigiúil, doiciméad agus ábhar ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. Tacaíonn an gealltanas leanúnach seo leis an dátheangachas ar fud na heagraíochta. Chomh maith leis sin, tá treoir curtha ar fáil ag Oifig na Gaeilge don fhoireann maidir leis an nGaeilge a thabhairt isteach ina gcuid oibre ó lá go lá, ó ríomhphoist inmheánacha go dtí ábhair phoiblí.

Tionscnamh tábhachtach eile is ea infheictheacht na Gaeilge i spásanna poiblí a fheabhsú. I gcomhoibriú le ranna iomadúla na nÚdarás Áitiúil, tá obair déanta ag Oifig na Gaeilge chun úsáid na Gaeilge a mhéadú ar chomharthaí bóthair agus ar mharcóirí poiblí, ag cuidiú le timpeallacht níos dátheangacha a chruthú ar fud na bpobal sa chontae. Tacaíonn sé seo le sprioc níos leithne an rialtais chun infheictheacht na Gaeilge a mhéadú sa saol laethúil.

Ag Caitheamh Súil Chun Cinn go 2025

In 2025, tá sé beartaithe ag Oifig na Gaeilge tógáil ar an móiminteam seo le sraith tionscnamh agus imeachtaí a bheidh dírithe ar an nGaeilge a chur níos faide chun cinn laistigh den eagraíocht agus atá deartha chun baill foirne ar fud na ranna ar fad a spreagadh chun níos mó Gaeilge a úsáid san ionad oibre.

Ina theannta sin, beidh sé mar aidhm ag Oifig na Gaeilge comhoibriú le grúpaí pobail agus le hÉire Ildánach ar thionscadail a tharraingíonn aird ar an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach, ag cruthú deiseanna nua don fhoireann agus don phobal dul i ngleic leis an teanga.

Leis na pleananna iontacha seo, tá Oifig na Gaeilge ag tnúth leis an nGaeilge a leabú níos faide san ionad oibre agus sa phobal i gcoitinne in 2025. Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le hOifig na Gaeilge ag gaeilge@dlrcoco.ie



Cabhraigh linn an chéad chanbhás eile a roghnú d'Ealaín Sráide dlr Anseo 2025!!


